**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2008*

# Oideachas Sóisialta

(100 marc)

Dé Céadaoin, 4 Meitheamh 2008
Tráthnóna, 2.00 p.m. go 4.00 p.m.

## *Treoracha Ginearálta*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa spás seo: [ ]

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ AR FAD SA FHREAGARLEABHAR SEO.

TÁ TRÍ ROINN SA SCRÚDÚ SEO:

*Roinn A:* **Triail Éisteachta**
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

*Roinn B:* **Freagra Gairid**
Caithfidh iarrthóirí 10 gceist a fhreagairt.

*Roinn C:* **Freagra Fada**
Tá **ceithre** cheist ann, Ceist C1, Ceist C2, Ceist C3 agus Ceist C4.
Caithfidh iarrthóirí **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith eile.

| ***Don Fheitheoir amháin*** | ***Don Scrúdaitheoir amháin*** | |
|---|---|---|
| Stampa an Ionaid | 1. Iomlán na n-iomlán deireadh leathanaigh. | |
| | 2. Suim iomlán na gceisteanna neamhcheadaithe. | |
| | 3. Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2). | |
| | 4. Bónas don fhreagairt trí Ghaeilge. | |
| | 5. Marc iomlán a bronnadh, má tá bónas don Ghaeilge san áireamh. (3 + 4) | |
| | 6. Creidiúint. | |
| | **Nóta :** Caithfidh an marc ar líne 3 a bheith cothrom leis an marc sa bhosca **Iomlán** sa scríbhinn. | |

## *Roinn A* – **Triail Éisteachta** (35 marc)

Cloisfidh tú taifeadadh de thuarascáil.
Tá **dhá** chuid sa tuarascáil seo.

- □ An chéad chasadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad.
- □ An dara casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 1. Tabharfar deis duit freagra a thabhairt ar na Ceisteanna 1 go 5.
- □ An tríú casadh: Ní chloisfidh tú ach Cuid 2. Tabharfar deis duit freagra a thabhairt ar na Ceisteanna 6 go 9.
- □ An ceathrú casadh: Cloisfidh tú an tuarascáil ar fad. Ba chóir duit freagra a thabhairt ansin ar Cheist 10, a léifear ar an taifeadadh.

| ***Is féidir an spás seo a úsáid le haghaidh nótaí.*** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

FREAGAIR GACH CEIST

**Nuair a bheidh Cuid 1 cloiste agat don dara huair, beidh deis agat na Ceisteanna 1 go 5 a fhreagairt. Ba chóir do chuid freagraí a bheith bunaithe ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh.**

**1.** Cad a tharla do phraghas an fhaisin le deich mbliana anuas? (1 mharc)

______________________________

**2.** (a) Luaigh **trí** réigiún ar domhan ina ndéantar éadaí go saor. (3 mharc)

1.__________ 2.__________ 3.__________

(b) Cén fáth a ndéantar éadaí go minic sna réigiúin seo den domhan? (1 mharc)

______________________________

**3.** (a) Liostaigh fíor-bhuntáiste **amháin** a fhéadann a bheith ag déantús éadaigh den chineál seo. (1 mharc)

______________________________

(b) Liostaigh **dhá** iarmhairt dhiúltacha d'oibrithe a fhéadann a bheith ag déantús éadaigh den chineál seo. (2 mharc)

1. ______________________________

2. ______________________________

**4.** Cad a luaitear in alt 23.3 den Ráiteas Uilíoch ar Chearta Daonna? (2 mharc)

______________________________

______________________________

**5.** (a) Cad a chuireann '*pá maireachtála*' ar a gcumas do theaghlaigh a dhéanamh? (2 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Gan '*phá maireachtála*', cad é an dóchas bunúsach a cheiltear ar oibrithe? (1 mharc)

______________________________

(c) Arís agus arís eile, cad a fheictear nach aon rud as an gcoitiantacht é? (3 mharc)

______________________________

______________________________

**Nuair a bheidh Cuid 2 cloiste agat don dara huair, beidh deis agat na Ceisteanna 6 go 9 a fhreagairt. Ba chóir do chuid freagraí a bheith bunaithe ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh.**

**6.** Cén fáth nár theastaigh ó oibrithe labhairt le tuairisceoirí? (1 mharc)

______________________________________________

**7.** (a) Liostaigh **dhá** rud a ndearna na hoibrithe gearán fúthu. (2 mharc)

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

(b) Cad a tharla do na hoibrithe a rinne gearán? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

**8.** (a) Cad é TTE? (2 mharc)

______________________________________________

(b) Liostaigh **dhá** cheart a chuireann TTE chun cinn. (2 mharc)

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

(c) Cén fáth a bhfuil fadhb le cód TTE? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

**9.** (a) Cad ba chóir dúinn glaoch ar ár rialtas a dhéanamh? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

(b) Cad ba chóir do dhuine a chur san áireamh nuair a fhaigheann sé/sí sladmhargadh iontach? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

**Nuair a bheidh an taifeadadh cloiste agat don tríú huair, freagair Ceist 10, a léifear ar an taifeadadh. Ba chóir do chuid freagraí a bheith bunaithe ar an eolas a thugtar ar an taifeadadh agus/nó ar do chuid eolais féin.**

**10.** Léifear an cheist seo amach ar an taifeadadh. Freagair an cheist sa spás thíos, le do thoil. (4 mharc)

Is féidir an spás seo a úsáid chun an cheist a scríobh síos.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Freagair an cheist sa spás thíos, le do thoil.

1. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

# *Roinn B* – **Ceisteanna Ilroghnacha** (20 marc)

CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI **10** gCEIST AS **15**.

Tá 2 mharc ag gabháil le gach ceist.

Cuir tic ✓ sa bhosca ceart do gach ceist.

**1.** Is samplaí iad uile, iascaireacht, feirmeoireacht agus mianadóireacht de chineál amháin tionscail. Cé acu cineál?



Tionscal príomhúil ☐ Tionscal tánaisteach ☐ Tionscal seirbhíse ☐

**2.** Tá gach duine a thógann lóistín ar cíos i dteideal liúntas cíosa a fháil.

Fíor ☐ Bréagach ☐


**3.** Is é atá i gcás Dlí Sibhialta ná

Cás a thógann duine i gcoinne duine eile nó i gcoinne eagraíochta ☐

Cás a ionchúisíonn an Stát tríd an SIP (DPP i mBéarla) ☐

Triail ag grúpa pobail i gcoinne duine dá chuid ball ☐

**4.** Is é a thugtar ar an gcill atáirgthe bhaineann ná



Ubhagán ☐ Ubhán ☐ Speirm ☐


**5.** Cé acu ceann de na léarscáileanna seo a leanas a thugann na sonraí is fearr faoi thithíocht agus faoi áiseanna áitiúla i gceantar?

Léarscáil Bhóithre ☐ Léarscáil Fhisiceach ☐ Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis ☐

**6.** Cén liosta díobh seo a leanas a bhfuil trí shampla ann d'ionfhabhtuithe/de ghalair ghnéas-tarchurtha (IGT/GGT)?

| | | |
|---|---|---|
| Gónairith<br>Sifilis<br>Clamaidia ☐ | Cioróis<br>Clamaidia<br>Gúta ☐ | Eimfiséime<br>Gónairith<br>Sifilis ☐ |

**7.** Cén céatadán de na mic léinn a théann ar scoil le lón pacáilte acu?




10% ☐

25% ☐

40% ☐

**8.** Daoine nach meallann go gnéasach iad ach daoine den ghnéas eile, tá siad

Homaighnéasach ☐ Déghnéasach ☐ Heitrighnéasach ☐


**9.** Cé acu páirtí polaitíochta a bhfuil an duine seo ina pholaiteoir tábhachtach ann?



Eamon Gilmore

Fianna Fáil ☐ Páirtí an Lucht Oibre ☐ An Páirtí Daonlathach ☐

**10.** Tá iasc, feoil agus circeoil ina bhfoinsí tábhachtacha de seo



Próitéin ☐ Cailciam ☐ Sáithín ☐

**11.** Áit chónaithe oifigiúil Uachtarán na hÉireann ná



Teach an Ardmhéara ☐ Áras an Uachtaráin ☐ Dáil Éireann ☐

**12.** Nuair atá sé mhí caite den léas seasta tosaigh, tá tionónta i dteideal fanacht in áitíocht ar feadh tréimhse suas go dtí trí bliana go leith.

Fíor ☐ Bréagach ☐

**13.** Cé acu díobh seo a leanas atá ina cheart bunúsach daonna?



Saoire thar lear ☐ Oideachas ☐ Éadaí nua ☐

**14.** Cé acu ceann díobh seo a leanas atá ina mhodh ceannasach chun déileáil le coinbhleacht?

Gan aon aird a thabhairt uirthi go dtí go socraítear an fhadhb ☐

Buail ar dtús, cuir ceisteanna níos déanaí ☐

Luaigh an dearcadh atá agat go soiléir agus go ciúin ☐

**15.** Cé acu ceann de na polaiteoirí Éireannacha seo a leanas atá ina Thaoiseach?







Micheál Martin ☐ Mary Hanafin ☐ Brian Cowen ☐

## *Roinn C* (45 marc)

FREAGAIR TRÍ CHEIST

Caithfidh tú **Ceist C1** a fhreagairt agus **dhá** cheist ar bith as C2, C3 agus C4.

**Ceist C1: Oideachas Sóisialta agus Sláinte** (15 mharc)

**1.**

***Is mithid smidiríní a dhéanamh den mhiotas faoi dhruga na draíochta***

Is gá smidiríní a dhéanamh den mhiotas gur druga draíochta é an cócaonn a bhíonn á úsáid ag daoine saibhre. Tá méadú ar an éileamh atá ar an druga seo agus méadú ar líon na n-úsáideoirí cócaoin. Tagann na húsáideoirí seo ó gach cúlra sóisialta agus eacnamaíoch. Creideann a lán go saonta nach bhfuil baint ar bith acu le cogaí na ndrong coirpeach ná leis an gcoiriúlacht ach gan fhios dóibh tá úsáid an druga acu ag cabhrú le hairgead a sholáthar do thrádáil na ndrugaí agus le tiarnaí na ndrugaí a choimeád i ngnó.

Tá roinnt daoine ann a fhéachann ar an gcócaon mar dhruga cóisire, rud spóirt, rud faiseanta. Nuair a ghlactar leis an gcócaon mar seo bíonn sé níos deacra fós dul i ngleic leis an bhfadhb. Caithfear aghaidh a thabhairt ar an tuairim seo gur druga sábháilte é an cócaon mar tá ardleibhéal de dhrochiompar baolach ag baint le húsáid an druga seo. Níor chóir dearmad a dhéanamh ach oiread ar an drochthionchar atá ag úsáid an chócaoin ar an bpobal agus ar theaghlaigh.

Ar na rudaí atá le fulaingt ag daoine tá cliseadh caidrimh, fadhbanna oibre, cailleadh fostaíochta, chomh maith le fiacha fíor-olca.

I measc na bhfadhbanna sláinte a thagann as úsáid an chócaoin tá damáiste don chroí, do na scamhóga, don inchinn, do na duáin agus don tsrón. Tá baint ag insteallú an chócaoin le fás ar ionfhabhtuithe VEID, le heaspaí, le teascadh géag agus fiú amháin leis an mbás.

Tá freagairt an Rialtais d'fhadhb an chócaoin rómhall agus tá an cath á bhuachan ag barúin na ndrugaí. Mar sin féin, tá seirbhísí á n-ullmhú anois chun déileáil le hallmhairiú agus le húsáid an chócaoin.

*Dorothy Madden*
*Daily Times*

Conas atá ceannaitheoirí drugaí ag cabhrú gan fhios dóibh féin le trádáil na ndrugaí? (2 mharc)

______________________________

______________________________

**2.** (a) Mínigh conas is féidir le húsáid cócaoin dul i bhfeidhm ar dhaoine agus ar phobail. (2 mharc)

Daoine: ______________________________

______________________________

Pobail: ______________________________

______________________________

(b) Déan cur síos ar **dhá** rud atá á dhéanamh ag an rialtais chun déileáil leis an bhfadhb a bhaineann le hallmhairiú agus le húsáid an chócaoin in Éirinn. (2 mharc)

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**3.**

CURA
ALATEEN
Barnardos
Aware

Roghnaigh ceann amháin de na heagraíochtaí thuas.

Ainm na heagraíochta: ______________________________________________

(a) Ainmnigh an spriocghrúpa a gcabhraíonn an eagraíocht seo leis, agus déan cur síos air. (2 mharc)

______________________________________________

(b) Déan cur síos ar an bpríomhsheirbhís a chuireann an eagraíocht seo ar fáil. (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

**4.** Déan cur síos ar **dhá** shlí a bhféadfadh duine óg déileáil go dearfach le cáineadh. (2 mharc)

Tá do sheomra trína chéile. Conas is féidir leat maireachtáil mar seo?

Tá an obair thábhachtach seo déanach. Cén fáth nach féidir leat cloí leis an sprioc-am?

Tubaiste a bhí ionat inniu!


1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

**5.**




(a) Cén fáth ar smaoineamh maith é foláirimh rialtais a bheith ar bhoscaí toitíní? (1 mharc)

________________________________________

________________________________________

(b) Luaigh **dhá** dhlí/rialachán a rialaíonn caitheamh an tobac in Éirinn. (2 mharc)

1. ________________________________________

________________________________________


2. ________________________________________

________________________________________

CAITHFIDH TÚ **DHÁ** CHEIST AS NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT

| **Ceist C2:** **Mo Phobal** | (15 mharc) |
|---|---|

**1.**



***Cuaille Ard le Tógáil an tSeachtain seo Chugainn***

Tá fógra seacht lá tugtha ag BSL dár bpobal áitiúil go bhfuil sé chun tosú ar chuaille ceithre troithe is ochtó a thógáil an tseachtain seo chugainn.

**Má théann sé suas, fanfaidh sé thuas!**

Braitheann sé ORAIBHSE, atá in bhur gcónaí anseo, cosc a chur leis seo sula dtarlaíonn sé.
Agus is féidir libh!
Tá sláinte BHUR dteaghlach i ngleic.
Teastaíonn **BHUR dTACAÍOCHT** ó bhur bpobal féin.




Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghníomh dhearfacha a d'fhéadfadh do phobal a dhéanamh chun cosc a chur le tógáil cuaille BSL i do cheantar. (2 mharc)


1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________

**2.**



"Is é ár gcúram comhchoitianta agus pearsanta é an teaghlach domhanda a chosaint agus a chothú, tacú leis na baill is laige ann agus an timpeallacht ina mairimid go léir a chaomhnú agus aire a thabhairt di."
**Dalai Lama**

(a) Déan cur síos ar rud **amháin** a d'fhéadfadh do phobal a dhéanamh chun tacú leis na baill is laige ann. (1 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Déan cur síos ar rud **amháin** a d'fhéadfadh do phobal a dhéanamh chun an timpeallacht a chaomhnú. (1 mharc)

______________________________

______________________________

**3.** (a) Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann le bheith ag foghlaim faoin am atá thart. (1 mharc)

(b) Liostaigh **dhá** fhoinse a d'fhéadfá a úsáid chun a fháil amach mar gheall ar do phobal san am atá thart. (2 mharc)

1.

2.

**4.** (a) Roghnaigh ceann **amháin** de na heagraíochtaí deonacha seo a oibríonn ar son leas an phobail. (cuir tic ✓ le do rogha)

| Bailte Slachtmhara | SVP | Cluichí Pobail |
| --- | --- | --- |
| ☐ | ☐ | ☐ |

Déan cur síos achomair ar an obair a dhéanann an eagraíocht seo. (2 mharc)

(b) Roghnaigh áis shóisialta nó eacnamaíoch nó turasóireachta i do phobal. Tabhair breac-chuntas ar an mbuntáiste atá san áis sin do do phobal. (2 mharc)

Áis shóisialta ☐ Áis eacnamaíoch ☐ Áis turasóireachta ☐ (cuir tic ✓ le do rogha)

Cur síos/ainm ar an áis:

Buntáiste:

**5.** (a) Bíonn cead pleanála ag teastáil má theastaíonn ó dhuine teach a thógáil. Cén fáth a bhfuil an rialachán seo tábhachtach do phobal? (2 mharc)


(b) Cuireann na húdaráis áitiúla (Comhairlí Contae agus Bardais) réimse de sheirbhísí ar fáil i do cheantar. Seachas cead pleanála, liostaigh **dhá** sheirbhís a chuireann siad ar fáil. (2 mharc)

1.

2.

## Ceist C3 : Saincheisteanna Comhaimseartha (15 mharc)

**1.**




An n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo? Aontaím ☐ Ní aontaím ☐ (cuir tic ✓ le do rogha)

Mínigh do fhreagra. (2 mharc)

______________________________

______________________________

______________________________

**2.** Ainmnigh saincheist chomhaimseartha **amháin** a bhfuil mionstaidéar déanta agat uirthi.

______________________________

(a) Cén fáth a bhfuil an tsaincheist seo ina cúis imní don phobal? (2 mharc)

______________________________

______________________________

(b) Ainmnigh eagraíocht dheonach a théann i bhfeidhm go dearfach ar an tsaincheist roghnaithe. (1 mharc)

______________________________

**3.**

TÁ GACH SAORÁNACH ÉIREANNACH, ATÁ OS CIONN 18 AGUS ATÁ CLÁRAITHE CHUIGE, I dTEIDEAL VÓTÁIL IN OLLTOGHCHÁN

Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go gcaithfeadh daoine vóta in Olltoghchán? (2 mharc)

______________________________

______________________________

**4.**



**Díláithríodh mná agus leanaí seo na Somáile de bharr troda.**

(a) Ainmnigh ceart daonna **amháin** atá á cheilt ar na mná agus ar na leanaí seo. (1 mharc)

(b) Ainmnigh eagraíocht neamhrialtasach (NGO) a oibríonn le daoine i staid den chineál seo. (1 mharc)

(c) Seachas cabhair éigeandála, déan cur síos ar shlí **amháin** a gcabhraíonn eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGO) le daoine sa domhan i mbéal forbartha. (2 mharc)

**5.**

**Ardú 78% ar Chásanna den Leithcheal Cine**

I 2006 tháinig méadú 78% ar líon na gcásanna den leithcheal cine san áit oibre a cuireadh faoi bhráid Bhinse an Chomhionannais. Ba é an dara fáth ba choitianta a tugadh ar leithcheal líomhanta san áit oibre ná an inscne. Taispeánann an tuarascáil freisin go raibh méadú 16% ar líon na gcásanna leithcheala a d'fhulaing daoine le míchumas nuair a bhí siad ag iarraidh teacht ar sheirbhísí. Rinne níos mó ná 7,000 duine gearán faoi leithcheal mídhleathach.

(a) Mínigh leithcheal cine **nó** leithcheal inscne. (2 mharc)

Leithcheal cine ☐ Leithcheal inscne ☐ (cuir tic ✓ le do rogha)

(b) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go dtabharfadh daoine tuairisc ar chásanna leithcheala? (2 mharc)

| **Ceist C4: Ag dul i mbun Dualgais** | (15 mharc) |
|---|---|

**1.**

### Cártaí Creidmheasa – Geata na Flúirse nó Geata na bhFiach?

Cúpla mí ó shin dúirt cara Sue léi gur chóir di cárta creidmheasa a fháil agus go gcuirfeadh sé seo ar a cumas a feisteas agus a saol sóisialta a fheabhsú. Cheap a máthair gur smaoineamh fíor-olc a bhí ann mar is ar éigean a bhí a cuid billí á n-íoc ag Sue mar a bhí aici. Thug sí rabhadh di go raibh na cártaí creidmheasa an-chostasach agus nuair nach n-íocfá ach an t-íosmhéid go bhféadfá an-drochfhiacha a tharraingt ort féin.

Anois tá an dealramh air go raibh an ceart ag a máthair. Bhí gach rud chomh héasca sin i dtosach agus ba bhreá le Sue dul amach nuair a theastaigh uaithi. Is dócha nár theastaigh na héadaí nua sin go léir uaithi ach bhí sé go deas a bheith in ann siúl isteach i siopa agus pé rud a bhí uaithi a cheannach. Bhí samhradh iontach ag Sue ach anois tá a fhios aici go bhfuil an teorainn ag a cárta creidmheasa sroichte aici. Cé go bhfuil an íosíocaíocht á híoc aici gach mí, dealraíonn sé nach bhfuil a bille ag laghdú. Dealraíonn sé go mbeidh sé níos deacra fós uirthi go leor airgid a bheith aici i rith an gheimhridh.

(a) Conas a d'fhéadfadh Sue a cárta creidmheasa a láimhseáil níos fearr aici? (2 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(b) '*Cé go bhfuil an íosíocaíocht á híoc aici gach mí, dealraíonn sé nach bhfuil a bille ag laghdú.*'
Cén fáth ar mar seo atá an cás? (2 mharc)

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**2.** Liostaigh **dhá** phíosa comhairle a thabharfá do Sue chun an fhadhb atá aici faoi láthair a réiteach. Luaigh an chúis a bheadh agat leis an chomhairle a thabhairt di an gníomh seo a dhéanamh.
(4 mharc)

Comhairle 1: ________________________________________________________

______________________________________________________________________

Cúis 1: ______________________________________________________________

______________________________________________________________________


Comhairle 2: ________________________________________________________

______________________________________________________________________

Cúis 2: ______________________________________________________________

______________________________________________________________________

**3.**




TÁ TIONÓNTAÍ I DTEIDEAL LEABHAR CÍOSA A BHEITH ACU DE RÉIR DLÍ.

(a) Seachas sonraí teagmhála, luaigh píosa eolais **amháin** eile a chaithfidh a bheith i leabhar cíosa. (1 mharc)

______________________________________________

(b) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do thionóntaí a bhfuil i léasaa léamh sula síníonn siad é? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

**4.**

**Ó 31 Márta 2007, tá dleacht stampála curtha ar ceal do chéad-cheannaitheoirí tithe.**

Cén fáth ar dea-scéal é do dhaoine óga an dleacht stampála a bheith curtha ar ceal do chéad-cheannaitheoirí tithe? (2 mharc)

______________________________________________

______________________________________________

**5.** Ainmnigh cineál **amháin** árachais ar dócha go gceannóidh duine óg é.

Cineál árachais : ______________________________

Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach an cineál seo de chlúdach árachais a bheith ag duine? Luaigh **dhá** chúis. (2 mharc)

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

# LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| | | Marc |
|---|---|---|
| **Roinn A** | | |
| **Roinn B** | | |
| **Roinn C** | C1 | |
| | C2 | |
| | C3 | |
| | C4 | |
| **IOMLÁN** | | |